CINNEADH (AE) 2021/1711 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2021

comhaltaí a cheapadh ar an bpainéal a chuidíonn leis an gCoimisiún iarrthóirí a roghnú chun dualgais comhaltaí cúirteanna agus binsí infheistíochta idirnáisiúnta a dhéanamh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh C(2020) 8905 final painéal a bhunú chun cuidiú leis an gCoimisiún iarrthóirí a roghnú chun dualgais comhaltaí cúirteanna agus binsí infheistíochta idirnáisiúnta agus dualgais uainchlár nó cúirteanna agus binsí idirnáisiúnta eile a dhéanamh (an 'painéal').

(2) I gcomhréir le Cinneadh C(2020) 8905 final, is é is cuspóir don phainéal próiseas críochnúil roghnúcháin a áirithiú agus na caighdeáin is airde a áirithiú ó thaobh neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus inniúlacht na ndaoine aonair a roghnaítear.

(3) De bhun Airteagal 4(1) de Chinneadh C(2020) 8905 final, ba cheart ceathrar comhaltaí a bheith ar an bpainéal, agus ba cheart an Coimisiún duine amháin acu a ainmniú, an Chomhairle duine amháin acu, na Ballstáit duine amháin acu, agus Parlaimint na hEorpa duine amháin acu.

(4) I mí Eanáir 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún glao oscailte ar iarratas le haghaidh ainmní an Choimisiúin ar an bpainéal ([1]). Idir an dá linn, chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon, in éineacht leis na Ballstáit, a gcuid nósanna imeachta i gcrích chun a n-ainmnithe féin a roghnú ar an bpainéal.

(5) An 17 Márta 2021, chuir Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in iúl d'Uachtarán an Choimisiúin ainm iarrthóra bhaininn agus ainm iarrthóra fhirinn le haghaidh ainmní na Parlaiminte ar an bpainéal, chun go mbeadh an Coimisiún in ann cothromaíocht inscne fhoriomlán an phainéil a chur san áireamh ina chinneadh ceapacháin.

(6) An 17 Bealtaine 2021, chuir an Coimisiún a phróiseas roghnúcháin i gcrích.

(7) An 22 Iúil 2021, chuir an Chomhairle in iúl don Choimisiún ainmneacha ainmnithe na Comhairle agus na mBallstát faoi seach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is iad na daoine seo a leanas atá ceaptha mar chomhaltaí an phainéil arna bhunú le Cinneadh C(2020) 8905 final:

(1) Bruno Simma;

(2) Inge Govaere;

(3) Jan Klabbers;

(4) Pavel Šturma.

Airteagal 2

I gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Chinneadh C(2020) 8905 final agus tar éis cur ar crannchur:

(1) Tá Inge Govaere agus Pavel Šturma ceaptha go ceann 6 bliana ar tréimhse dho-athnuaite í dar tús dáta foilsithe an Chinnidh seo;

([1]) Ar fáil ag https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/january/tradoc_159356.01.2021.pdf

(2) Tá Bruno Simma agus Jan Klabbers ceaptha go ceann 9 mbliana ar tréimhse dho-athnuaite í dar tús dáta foilsithe an Chinnidh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN